BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

1 Lúnasa 2025 * [i]

(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur cinn – Treoir 2009/28/CE – Airteagal 3 – Treoir (AE) 2018/2001 – Airteagal 4 – Dreasachtaí náisiúnta chun fuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite – Scéim cabhrach – Státchabhair – Airteagal 108 CFAE – Inniúlacht eisiach an Choimisiúin Eorpaigh cinneadh a dhéanamh maidir le comhoiriúnacht na mbeart cabhrach leis an margadh inmheánach – Cinneadh ón gCoimisiún lena gcinntear go bhfuil scéim cabhrach den sórt sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach – Caingean arna tabhairt ag tairbhí cabhrach faoin scéim sin os comhair cúirt náisiúnta i gcoinne gné den scéim sin a bhfuil nasctha go dlúth lena feidhmiú – Do-ghlacthacht, i gcomhthéacs na caingne sin, iarrata ar réamhrialú maidir le léiriú na bhforálacha sin de na treoracha sin)

I gCás C-514/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), trí bhreith an 8 Lúnasa 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 8 Lúnasa 2023, sna himeachtaí

**Tiberis Holding Srl**

v

**Gestore dei servizi energetici (GSE) SpA,**

**Ministero dello Sviluppo economico,**

**Ministero dell'Ambiente e della Sicurezza energetica,**

idiragraithe:

**Conza Energia Srl,**

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Bhreithimh den Cheathrú Dlísheomra, N. Jääskinen, A. Arabadjiev agus M. Condinanzi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

* Teanga an cháis: an Iodáilis

Cláraitheoir: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 7 Samhain 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Tiberis Holding Srl, ag F. Bassan, I. Perego, G. M. Roberti, A. Sascaro agus S. Venturini, avvocati,

– Gestore dei servizi energetici (GSE) SpA, ag R. Lener, A. Pugliese agus C. San Mauro, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, ag S. Fiorentino agus G. Palmieri, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó L.G.V. Delbono et M. P. Garofoli, avvocati dello Stato,

– an Coimisiún Eorpach, ag B. De Meester agus A. Spina, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim ón Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 6 Feabhra 2025

an Breithiúnas seo a leanas

## Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 3 de Threoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE (IO 2009 L 140, lch. 16) agus Airteagal 4 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO 2018 L 328, lch. 82).

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir Tiberis Holding Srl (‘Tiberis’) agus Gestore dei servizi energetici (GSE) SpA, Ministero dello Sviluppo economico (an Aireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, an Iodáil) agus Ministero dell’Ambiente e della Sicurezza energetica (an Aireacht Comhshaoil agus Slándála Fuinnimh, an Iodáil) maidir le sonraisc lenar iarr GSE ar Tiberis cuid den chabhair a fuair sé faoi scéim dreasachta chun leictreachas a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite seachas fuinneamh fótavoltach a aisíoc leis.

## An dlí lena mbaineann

### *Dlí an Aontais Eorpaigh*

*Rialachán (AE) 2015/1589*

3 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha maidir le hAirteagal 108 [CFAE] a chur i bhfeidhm (IO 2015 L 248, lch. 9):

‘Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

a) ciallaíonn “cabhair”: aon bheart lena gcomhlíontar Airteagal 107(1) CFAE;

b) ciallaíonn “cabhair atá ann cheana”:

[...]
ii) cabhair údaraithe, is é sin le rá, scéimeanna cabhrach agus cabhair aonair atá údaraithe ag an gCoimisiún [Eorpach] nó ag Comhairle an Aontais Eorpaigh;

[...]

c) ciallaíonn “cabhair nua”: aon chabhair, is é sin le rá, scéimeanna cabhrach nó cabhair aonair, nach cabhair í atá ann cheana, lena n-áirítear leasuithe ar chabhair atá ann cheana;

d) ciallaíonn “scéimeanna cabhrach” aon ghníomh ar ar a bhonn ar féidir deonú aonair cabhrach a dhéanamh, gan tuilleadh bearta cur chun feidhme a bheith de dhíth, do ghnóthais a shainítear sa ghníomh ar bhealach ginearálta agus ar bhealach teibí agus aon ghníomh ar féidir, ar a bhonn, cabhair nach bhfuil nasctha le haon tionscadal ar leith a dheonú do ghnóthas amháin nó do roinnt gnóthas ar feadh tréimhse éiginnte agus/nó ar mhaithe le méid éiginnte;

[...]

f) ciallaíonn “cabhair neamhdhleathach”: cabhair nua a cuireadh chun feidhme de shárú ar Airteagal 108(3) [CFAE];

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán sin:

‘Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt i rialacháin arna ndéanamh de bhun Airteagal 109 [CFAE] nó i bhforálacha ábhartha eile de, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann aon socrú chun cabhair nua a dheonú in iúl don Choimisiún in am trátha. [...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 De réir Airteagal 3 den Rialachán sin:

‘Maidir le cabhair infhógartha de bhun Airteagal 2(1), ní chuirfear i bhfeidhm an chabhair sin sula mbeidh cinneadh déanta, nó sula measfar go bhfuil cinneadh déanta ag an gCoimisiún an chabhair sin a údarú.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*Rialachán (CE) Uimh. 794/2004;*

6 Foráiltear le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán 2015/1589 (IO 2004 L 140, lch. 1), arna leasú le Rialachán (AE) 2015/2282 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2015 (IO 2015 L 325, lch. 1) (‘Rialachán Uimh. 794/2004’), chun críocha Airteagal 1(c) de Rialachán 2015/1589, go gciallaíonn ‘leasú ar chabhair atá ann cheana aon leasú seachas athruithe foirmiúla nó riaracháin amháin nach ndéanann difear don mheasúnú ar chomhoiriúnacht an bhirt cabhrach leis an gcómhargadh. [...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

*Cinneadh SA.43756*

7 Le Cinneadh C (2016) 2726 final an 28 Aibreán 2016 maidir le Státchabhair SA.43756 (2015/N) – an Iodáil, Tacaíocht don leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite san Iodáil (‘Cinneadh SA.43756’), chinn an Coimisiún gan agóidí a dhéanamh i gcoinne na scéime cabhrach ar thug Poblacht na hIodáile fógra ina leith, i bhfoirm dréacht-fhoraithne aireachta, chun táirgeadh leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn, ar an bhforas go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE.

8 I gCuid 2 den chinneadh sin, dar teideal ‘Tuairisc ar an mbeart’, tá na haithrisí seo a leanas, i Roinn 2.1 de, dar teideal ‘Cúlra agus cuspóirí na scéime cabhrach’:

‘(2) Is é is cuspóir don scéim ar tugadh fógra ina leith táirgeadh leictreachais ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh a chur chun cinn. Cuideoidh an beart leis an Iodáil na spriocanna Eorpacha maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach. Beidh an scéim ar oscailt do gach foinse fuinnimh inathnuaite seachas grianfhuinneamh fótavoltach [...]

(3) D’fhonn an scéim náisiúnta tacaíochta chun fhuinneamh in-athnuaite a athchóiriú i gcomhréir le forálacha [na Teachtaireachta ón gCoimisiún dar teideal “Treoirlínte maidir le Státchabhair do chosaint an chomhshaoil agus fuinneamh 2014-2020” (IO 2014 C 200, lch. 1; “Treoirlínte 2014-2020”)], thug an Iodáil fógra do scéim idirthréimhseach le haghaidh na mblianta 2015 agus 2016. [...]

(4) Thug an Iodáil fógra don Choimisiún faoi dhréacht-fhoraithne aireachta ina bhfuil na forálacha cur chun feidhme le haghaidh na scéime. Glacfar an fhoraithne go foirmiúil a luaithe a bheidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún gan agóidí a dhéanamh.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 I gCuid 3 den chinneadh sin, atá dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar an scéim cabhrach ar tugadh fógra ina leith, áirítear aithrisí 28 go 66 den chinneadh sin. I gCuid 3, sonraíonn an Coimisiún, in aithrisí 31 agus 32, ós rud é go bhaineann sé le tacú le leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite, go dtagann an scéim ar tugadh fógra ina leith faoi raon feidhme Threoirlínte 2014-2020 agus, dá bhrí sin, gur ar bhonn fhorálacha ábhartha na dtreoirlínte sin, eadhon iad siúd a leagtar amach i Roinn 3.2 agus i bhforanna 3.3.1 agus 3.3.2 de na treoirlínte sin, a rinne sé measúnú ar chomhoiriúnacht na scéime sin le hAirteagal 7(3)(c) CFAE.

10 Luaitear an méid seo a leanas in aithris 34 de Chinneadh SA.43756, atá le feiceáil faoin gceannteideal 'Cuspóir leasa choitinn':

'Is é is cuspóir don bheart cabhrach a dtugtar fógra ina leith ná cuidiú leis an Iodáil na cuspóirí fadtéarmacha maidir le hathrú aeráide agus inbhuanaitheacht fuinnimh arna leagan síos ag an [Aontas Eorpaigh] a bhaint amach faoi chuimsiú bheartas fuinnimh [an Aontais]. Cuideoidh an scéim leis an Iodáil a cuspóirí a bhaint amach. I gcomhréir le míreanna 30 agus 31 de [Threoirlínte 2014-2020], shainigh an Iodáil cuspóir an bhirt agus mhínigh sí go rannchuideoidh an beart le cuspóirí bheartas fuinnimh na hEorpa a bhaint amach. (féach aithris 2).'

11 Faoin gceannteideal 'An gá atá le Státchabhair, ionstraim iomchuí agus éifeacht dreasachta' tagraítear in aithrisí 36 go 42 den chinneadh sin do mhíreanna 107, 116 agus 49 de Threoirlínte 2014-2020 go háirithe.

12 Faoin gceannteideal 'Comhréireacht', leagtar amach na haithrisí seo a leanas:

'(43) De réir mhír 69 de [Threoirlínte 2014-2020], meastar cabhair chomhshaoil a bheith comhréireach má tá an méid in aghaidh an tairbhí teoranta don íosmhéid is gá chun an cuspóir maidir le cosaint an chomhshaoil a bhaint amach.

(44) Rinne an Coimisiún measúnú ar chomhréireacht na cabhrach faoi fhorálacha Roinn 3.3.2 de [Threoirlínte 2014-2020] maidir le cabhair oibriúcháin le haghaidh fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite.

[...]

(47) Mar a luaitear i mír 128 de [Threoirlínte 2014-2020], in éagmais próiseas tairisceana iomaíoch, déanann an Coimisiún measúnú ar chomhréireacht na cabhrach i bhfianaise fhorálacha mhír 131 de [Threoirlínte 2014-2020].

(48) I gcás tionscadail a áirítear sna liostaí tosaíochta a bhaineann tairbhe as taraif ar sholáthar leictreachais, tá sé léirithe ag an Iodáil nach sáraítear [na meánchostais iomlána táirgthe fuinnimh] in aghaidh an aonaid fuinnimh leis an gcabhair le haghaidh na teicneolaíochta atá i gceist. Mar shampla, léirítear i dTábla 4 go bhfuil meánchostais iomlána táirgthe fuinnimh measta na dtionscadal fuinnimh in-athnuaite roghnaithe i bhfad níos airde ná praghas measta an mhargaidh leictreachais [...]. Is cosúil go bhfuil raon [ráta toraidh inmheánach] arna mheas ag an Iodáil [...] i gcomhréir le nó níos ísle ná raon na dtionscadal fuinnimh inathnuaite a d'fhormheas an Coimisiún le déanaí [...].

[...]

(50) I gcás tionscadal ar na liostaí tosaíochta, má sháraítear an meánchostais iomlána táirgthe fuinnimh measta le praghas an mhargaidh leictreachais, aisghabhfar an difríocht tríd an bpréimh in íocaíochtaí ina dhiaidh sin a laghdú. Seachnóidh sé sin brabúis amhantair má ghineann praghsanna leictreachais níos airde ná meánchostais iomlána táirgthe fuinnimh ioncaim bhreise don tionscadal (chomh maith leis na praghsanna a chuirtear san áireamh i meastachán brabúsachta an tionscadail [...]). [...]

(51) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar coinníollacha mhír 131 de [Threoirlínte 2014-2020] leis an íocaíocht agus dá bhrí sin go bhfuil sé comhréireach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Luaitear an méid seo a leanas in aithris 66 de Chinneadh SA.43756, atá le feiceáil faoin gceannteideal 'Conclúid maidir le comhoiriúnacht an bhirt':

'I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go saothraítear cuspóir leasa choitinn leis an scéim ar tugadh fógra ina leith, ar bhealach riachtanach agus comhréireach gan difear míchuí a dhéanamh don iomaíocht ná don trádáil agus, dá bhrí sin, go bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn [Threoirlínte 2014-2020].'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

### *Dlí na hIodáile*

14 Tagraíonn Decreto del Ministero dello Sviluppo economico – Incentivazione dell'energia elettrica prodotta da fonti rinnovabili dal fotovoltaico (Foraithne ón Aireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch lena gcuirtear chun cinn leictreachas a tháirgtear ó fhoinsí in-athnuaite seachas foinsí fótavoltacha) an 23 Meitheamh 2016 (GURI Uimh. 150 an 29 Meitheamh 2016, lch. 8; 'Ordú an 23 Meitheamh 2016'), ina haithrisí, do Threoir 2009/28 agus Cinneadh SA.43756 go háirithe.

15 Leagtar síos in Airteagal 4 d'Ordú an 23 Meitheamh 2016, i míreanna 1 go 3 de, na nósanna imeachta maidir le rochtain ar an scéim dreasachta a bhunaítear leis, eadhon, iontráil na suiteála sa chlár iomchuí, atá le cinneadh de réir fhoinse an fhuinnimh agus chineál na suiteála; rannpháirtíocht an oibreora i nósanna imeachta ceantála ar lascaine, agus rochtain dhíreach faoi seach. Sonraítear san airteagal sin, le haghaidh gach cineál nós imeachta, catagóirí na bhfearas incháilithe, arna gcinneadh, go bunúsach, ar bhonn acmhainneacht táirgeadh na suiteála lena mbaineann.

16 Baineann Airteagal 7 den fhoraithne sin le taraifí agus dreasachtaí ar sholáthar leictreachais a chinneadh. Foráiltear le mír 4 den Airteagal sin, i gcás fearais ag a bhfuil toilleadh níos lú ná nó cothrom le 500 cileavata (kW), ceannóidh GSE, i gcás inarb infheidhme, glanmhéid leictreachais arna instealladh sa chóras trí tharaif dreasachta fhoriomlán a íoc, arna cinneadh ar bhonn Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhforaithne sin. Luaitear i mír 6 den Airteagal sin, i gcás ina roghnaíonn oibreoir fearais an fuinneamh a choinneáil agus é a dhíol ar an margadh trádála, déanfaidh GSE 'aistarraingt chnapshuime' ar sholáthar leictreachais. Ós rud é nach gceadaítear an t-aistriú ó mhodh amháin chun an dreasacht a íoc go ceann eile níos mó ná dhá uair le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt dreasachta. Foráiltear le mír 5 den Airteagal sin, i gcás fearais ag a bhfuil cumhacht ainmniúil níos mó ná 500 kW a thairbhíonn de dhreasacht dá

rannpháirtíocht i nós imeachta ceantála ar lascaine, go n-íocfaidh GSE, i leith an ghlanmhéid leictreachais arna instealladh sa chóras, an dreasacht arna cinneadh de bhun na foraithne sin, agus go mbeidh an fuinneamh arna tháirgeadh ag na fearais sin fós ar fáil don táirgeoir.

17 Leagtar amach na rialacha mionsonraithe chun na dreasachtaí a ríomh i gCuid 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le hOrdú an 23 Meitheamh 2016, dar teideal 'Dreasachtaí a chinneadh le haghaidh fearais nua'. Leagtar síos le pointe 1 den Chuid 1 sin na rialacha sin maidir le fearais ag a bhfuil acmhainneacht níos lú ná nó cothrom le 500 kW a roghnaíonn an taraif dhreasachta fhoriomlán, de réir bhrí Airteagal 7(4) den fhoraithne sin. Leagtar amach i bpointe 2 den Chuid 1 sin an modh chun an dreasacht le haghaidh fearais eile a ríomh.

18 Idirdhealaítear na buntharaif dreasachta de réir an fhoinse fuinnimh in-athnuaite, an cineál fearais agus a chumhacht. Is lú na taraif a bhaineann le fearais mhóra ná na taraif a bhaineann le fearais mheánacha.

19 Foráiltear le hAirteagal 26(1) d'Ordú an 23 Meitheamh 2016 go bhfoilseoidh GSE nósanna imeachta sonracha chun an scéim dreasachta a bhunaítear leis an bhforaithne sin a chur i bhfeidhm, go háirithe na rialacha oibríochtúla a bhaineann, le nósanna imeachta ceantála agus nósanna imeachta clárúcháin faoi seach.

**An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear**

20 Oibríonn Tiberis stáisiún cumhachta hidrileictreach ar abhainn Tiber ag a bhfuil toilleadh 2,747 meigeavata (MW). An 8 Meán Fómhair 2017, dheonaigh GSE a iarraidh, a cuireadh isteach an 22 Nollaig 2016, chun tairbhe a bhaint as an scéim dreasachta chun leictreachas a tháirgeadh, dá bhforáiltear le hOrdú an 23 Meitheamh 2016, arna fhorlíonadh leis na nósanna imeachta cur chun feidhme mar atá leagtha amach ag GSE an 15 Iúil 2016, i gcomhréir le hAirteagal 26 den fhoraithne sin.

21 An 5 Deireadh Fómhair 2017, thug Tiberis conradh i gcrích le GSE lena rialaítear na coinníollacha chun an dreasacht atá dlite dó faoin scéim sin a dheonú. Ó 2017 go 2021, fuair Tiberis EUR 4 044 340,75 san iomlán mar chabhair. Mar sin féin, le dhá shonrasc an 4 Aibreán 2022 agus sonrasc amháin an 2 Bealtaine 2022, d'iarr GSE ar Tiberis cuid den chabhair a fuarthas a aisíoc, arbh ionann é agus EUR 1 224 210,86.

22 Thug Tiberis caingean os comhair Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (Cúirt Riaracháin, Lazio, an Iodáil) ansin, ag iarraidh go gcuirfí na héilimh sin ar neamhní agus na forálacha conarthacha agus rialála ar a raibh siad bunaithe ar neamhní. Mar thaca leis an maíomh sin, líomhain Tiberis, *inter alia*, gur sáraíodh Airteagal 3 de Threoir 2009/28 agus Airteagal 4 de Threoir 2018/2001. D'áitigh GSE agus Conza Energia Srl, an páirtí eile sna himeachtaí, go raibh an chaingean do-ghlactha ar an bhforas go raibh urchosc ama uirthi agus gan bhunús ar aon chaoi.

23 Chinn an chúirt sin go raibh an chaingean sin inghlactha ach gan bhunús.

24 Thug Tiberis achomharc os comhair an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag lorg athrú ar an mbreithiúnas sin, ag déanamh atháitimh ar a phléadáil gur sáraíodh Airteagal 3 de Threoir 2009/28 agus Airteagal 4 de Threoir 2018/2001. Áitíonn GSE agus Conza Energia gur cheart an chaingean a dhíbhe.

25 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, *prima facie*, go bhfuil mír 2 de Chuid 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le hOrdú an 23 Meitheamh 2016 i gcontrárthacht le hAirteagal 3 de Threoir 2009/28 agus le Airteagal 4 de Threoir 2018/2001. Leagtar síos cúig chritéar charnacha chun go mbeidh na dreasachtaí dleathach leis na forálacha sin de dhlí an Aontais. Ní mór dóibh, ar an gcéad dul síos, a bheith margadhbhunaithe, ar an dara dul síos, a chur ar chumas tairbhithe freagairt do chomharthaí margaidh, ar an tríú dul síos, saobhadh margaidh nach bhfuil gá leis a sheachaint, ar an gceathrú dul síos, a áirithiú go bhfreagróidh táirgeoirí do chomharthaí phraghas an mhargaidh agus, ar an gcúigiú dul síos, a áirithiú go ndéanfaidh táirgeoirí an t-ioncam a fhaigheann siad ón margadh a uasmhéadú. Ina theannta sin, ba cheart iad a dheonú ar bhealach oscailte, trédhearcach, iomaíoch, neamh-idirdhealaitheach agus éifeachtach ó thaobh costais de.

26 D'fhéadfadh sé a bheith d'éifeacht ag an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist os a comhair iallach a chur ar tháirgeoirí na dreasachtaí a thréigean, rud a bheadh i gcontrárthacht le cuspóir na scéime dreasachta. I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhforáiltear le hAirteagal 4 d'Ordú an 23 Meitheamh 2016 go dtabharfar rochtain ar na dreasachtaí sin ar bhonn trí nós imeachta éagsúla, ach nach bhfuil sé de shaoirse ag táirgeoirí nós imeachta ar leith a roghnú, ós rud é go mbraitheann an nós imeachta a bhféadfaidh siad a éileamh go heisiach ar acmhainneacht táirgeachta na suiteála lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh Tiberis rogha a dhéanamh faoi shaoirse tairbhe a bhaint as dreasacht chun é a chlárú ar chlár ná chun páirt a ghlacadh i nós imeachta ceantála. Ceanglaítear ar tháirgeoirí a bhaineann thairbhí as dreasacht de bharr iad a bheith cláraithe ar chlár difríocht idir praghas an mhargaidh agus an taraif dhreasachta arna ráthú ag trealamh tacaíochta ar talamh a íoc i gcás ina bhfuil praghas an mhargaidh níos airde ná an praghas sin, murab ionann agus táirgeoirí a bhfuil fearais mhóra acu a bhaineann tairbhe as dreasacht trí rannpháirtíocht i nós imeachta ceantála, ós rud é go bhféadfaidh siad praghas iomlán an mhargaidh a fháil.

27 Thairis sin, is cosúil go bhféadfadh an modh chun ráiteas a dhéanamh i bhfabhar GSE i gcás ina bhfuil praghas an mhargaidh níos airde ná an taraif sin a bheith ar neamhréir le Treoracha 2009/28 agus 2018/2001, sa mhéid, dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, go gceanglaítear leis na treoracha sin ar na Ballstáit cead a thabhairt d'oibreoirí freagairt do dhinimic an mhargaidh chun saobhadh a sheachaint a eascraíonn ó dheireadh a bheith á chur le freagrúlacht táirgeoirí, de bhrí, mar thoradh ar an sásra 'dreasachta diúltach' sin, nach bhfuil aon leas ag na táirgeoirí a bhaineann tairbhe as an dreasacht, de bhua a gclárú ar chlár, freagairt don dinimic mhargaidh sin.

28 Sna himthosca sin, chinn an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An gcuirtear cosc leis na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir 2008/28/CE agus in Airteagal 4 de Threoir (AE) 2018/2011 ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcomhthéacs scéim dreasachta náisiúnta, maidir le cásanna ina ndíolann táirgeoirí fuinneamh ar an saormhargadh, do tharaif dhreasachta lena ráthaítear íosphraghas, ar praghas uasta é freisin, de bhua sásra choigeartaithe/aisíoctha chun suimeanna a sháraíonn luach na dreasachta a chothromú i gcás ina bhfuil praghas an mhargaidh níos airde ná an dreasacht ("dreasacht dhiúltach"), agus nach gcuirtear an sásra coigeartaithe i bhfeidhm ach amháin i gcás ina bhfuil rochtain ag táirgeoir a dhíolann fuinneamh ar an saormhargadh ar an dreasacht trí chlárú sa chlár ábhartha agus ní fiú má tá rochtain aige ar an tionscnamh trí pháirt a ghlacadh i nós imeachta tairisceana?'

**Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú**

29 Áitíonn GSE go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha ar an bhforas gur mhainnigh an chúirt a rinne an tarchur na fíorais ábhartha go léir a lua nó na cúiseanna beachta a leagan amach lena gceistítear comhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta le dlí an Aontais, de shárú ar Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

30 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, a thuigtear ó Airteagal 94(a) agus (b) de na Rialacha Nós Imeachta, an ghá atá ann léiriú a thabhairt ar dhlí an Aontais Eorpaigh a bheidh úsáideach don chúirt náisiúnta, ní mór don chúirt náisiúnta comhthéacs fíorasach agus reachtach na gceisteanna atá á gcur aici a shainiú nó, ar a laghad, míniú a thabhairt ar na himthosca fíorasacha ar a bhfuil na ceisteanna sin bunaithe. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach, mar a luaitear in Airteagal 94(c) de na Rialacha Nós Imeachta, go dtarbharfaí ráiteas san iarraidh ar réamhrialú ar na fáthanna a spreag an chúirt nó an binse a rinne an tarchur chun léiriú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais Eorpaigh a fhiosrú, agus an gaol idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí. (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Sa chás seo, comhlíonann an iarraidh ar réamhrialú na ceanglais a leagtar amach sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo.

32 Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áitíonn Rialtas na hIodáile freisin go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha, ach ar an bhforas nach féidir leis an gcúirt a rinne an tarchur iarraidh Tiberis a dheonú, agus mar thoradh air sin go bhfuil an cheist a tarchuireadh hipitéiseach. Dar leis an rialtas sin, dá ndeonófaí an iarraidh sin, bheadh leasú substaintiúil ar an gcabhair a údaraítear le Cinneadh SA.43756, arb ionann é agus deonú cabhrach nua a bheith á deonú ag an gcúirt sin nár tugadh fógra don Choimisiún fúithi ná nár údaraigh an Coimisiún í. Chuirfí i gcoinne a leithéid le hAirteagal 108(3) CFAE.

33 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú de réir cásdlí socair, i gcomhthéacs an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta amháin ar tugadh díospóid os a comhair agus a chaithfidh freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach atá le déanamh atá sé measúnú a dhéanamh, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, ar an ngá le réamhrialú ionas go bhféadfaidh sí breithiúnas a thabhairt agus ar ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí faoi bhráid na Cúirte araon. Dá bhrí sin, i gcás ina mbaineann na ceisteanna arna dtarchur ag na cúirteanna náisiúnta le léiriú ar fhoráil de dhlí an Aontais Eorpaigh, tá sé de cheangal ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt (féach breithiúnais an 21 Aibreán 1988, *Pardini*, 338/85, EU:C:1988:194, mír 8, agus an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Is faoin gCúirt atá sé, áfach, na cúinsí faoina dtarchuireann an chúirt náisiúnta na ceisteanna chuici a scrúdú, d'fhonn a dlínse féin nó inghlacthacht na hiarrata atá os a comhair a fhíorú (breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Is féidir go ndéanfaidh an Chúirt, go háirithe, measúnú i dtaobh an bhfuil feidhm ag forálacha de dhlí an Aontais lena mbaineann na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú sna príomhimeachtaí. Murab amhlaidh sin, beidh na forálacha sin neamhábhartha maidir le toradh na díospóide sin agus ní bheidh gá leis an gcinneadh réamhrialaithe ionas go bhféadfaidh an

chúirt a rinne an tarchur breithiúnas a thabhairt, rud a fhágann gur chóir na ceisteanna sin a mheas mar do-ghlactha (breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, mír 38).

36 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú go bhfuil Tiberis, trína chaingean os comhair na cúirte a rinne an tarchur, ag cur i gcoinne dhlíthiúlacht an tsásra dreasachta dhiúltaigh dá bhforáiltear le hOrdú an 23 Meitheamh 2016, i bhfianaise Airteagal 3 de Threoir 2009/28 agus Airteagal 4 de Threoir 2018/2001, arb ionann é agus modh cur chun feidhme na scéime chun leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite seachas fuinneamh fótavoltach a chur chun cinn, a bunaíodh leis an bhforaithne sin.

37 Thairis sin, is léir ó na doiciméid atá os comhair na Cúirte agus ón éisteacht os comhair na Cúirte go bhfuil comhthuiscint ann gurb ionann an scéim sin chun leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite seachas fuinneamh fótavoltach a chur chun cinn agus scéim Státchabhrach, de réir bhrí Airteagal 107 CFAE, Airteagal 2(k) de Threoir 2009/28 agus mhír 5 den dara mír d'Airteagal 2 de Threoir 2018/2001, ar thug údaráis inniúla na hIodáile fógra ina leith don Choimisiún agus atá faoi réir Chinneadh SA.43756. Leis an gcinneadh sin, chinn an Coimisiún gan agóidí a dhéanamh ina choinne, tar éis dó a mheas go bhfuil an scéim sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE.

38 Sa chás seo, is gá, dá bhrí sin, a fháil amach an féidir leis an gcúirt sin measúnú a dhéanamh ar chaingean arna tabhairt os comhair cúirt náisiúnta ag oibreoir eacnamaíoch i gcoinne modh chun scéim Státchabhrach a chur chun cinn atá ceaptha chun leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, arb é an tairbhí de agus atá faoi réir cinneadh ón gCoimisiún lena gcinntear go bhfuil sé ag luí leis an margadh inmheánach, i bhfianaise fhorálacha Airteagal 3 de Threoir 2009/28 nó Airteagal 4 de Threoir 2018/2001, ar a bhfuil an t-oibreoir sin ag brath agus atá faoi réir na ceiste a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú.

39 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó chásdlí socair, sa chóras athbhreithnithe ar Státchabhair arna bhunú le Conradh FAE, go gcomhlíonann na cúirteanna náisiúnta agus an Coimisiún róil chomhlántacha ach leithleacha (breithiúnas an 2 Bealtaine 2019, *A-Fonds*, C-598/17, EU:C:2019:352, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

40 Go háirithe, áirithíonn cúirteanna náisiúnta go gcosnófar cearta daoine aonair i gcás sárú féideartha ag údaráis an Stáit ar an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 108(3) CFAE go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh críochnaitheach. Chuige sin, féadfar díospóidí a thabhairt os a chomhair lena gceanglaítear orthu an coincheap 'Státchabhair', dá dtagraítear in Airteagal 107(1) CFAE, a léiriú agus a chur i bhfeidhm, chun a chinneadh ar cheart nó nár cheart beart Stáit a tugadh isteach gan an nós imeachta athbhreithnithe roimh ré dá bhforáiltear in Airteagal 108(3) CFAE a chur san áireamh a bheith faoina réir. Ar an taobh eile, níl dlínse ag cúirteanna náisiúnta rialú a thabhairt maidir le cé acu atá nó nach bhfuil bearta cabhrach nó córas Státchabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Go deimhin, de réir cásdlí socair, tagann an measúnú sin faoi inniúlacht eisiach an Choimisiúin, faoi réir athbhreithniú Chúirteanna an Aontais. (féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Meán Fómhair 2016, *PGE* C-574/14, EU:C:2016:686, míreanna 31 agus 32, agus an 2 Bealtaine 2019, *A-Fonds*, C-598/17, EU:C:2019:352, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Thairis sin, de réir cásdlí socair, níor cheart toradh a bheadh contrártha d'fhorálacha sonracha Chonradh FAE a bheith mar thoradh riamh ar an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108 CFAE. Mar sin, ní féidir a dhearbhú go bhfuil cabhair a sháraíonn forálacha ginearálta nó

prionsabail dhlí an Aontais ag luí leis an margadh inmheánach. I gcás ina bhfuil na coinníollacha cabhrach nó scéime cabhrach nasctha chomh doscaoilte sin le cuspóir na cabhrach nó na scéime, nó lena bhfeidhmiú, nach féidir iad a mheasúnú ina n-aonar, ní mór a n-éifeacht ar chomhoiriúnacht nó neamh-chomhoiriúnacht na cabhrach nó na scéime cabhrach ina hiomláine a mheasúnú trí bhíthin an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108 CFAE (féach, chuige sin, breithiúnais an 2 Bealtaine 2019, *A-Fonds*, C-598/17, EU:C:2019:352, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 31 Eanáir 2023, *an Coimisiún* v *Braesch agus páirtithe eile*, C-284/21 P, EU:C:2023:5, míreanna 96 agus 97 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Dá bhrí sin, ní thagann an measúnú ar coinníollacha mionsonraithe den sórt sin faoi dhlínse na gcúirteanna náisiúnta (féach, chuige sin, Breithiúnas an 2 Bealtaine 2019, *A-Fonds* C-598/17, EU:C:2019:352, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Ba cheart a lua freisin go bhfuil cur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair bunaithe ar oibleagáid maidir le comhar dílis idir, ar thaobh amháin, cúirteanna náisiúnta agus, ar an taobh eile, an Coimisiún agus Cúirteanna an Aontais Eorpaigh, ina ngníomhaíonn gach ceann acu i gcomhréir leis an ról a shanntar dó leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhthéacs an chomhair sin, ní mór do na cúirteanna náisiúnta gach beart iomchuí a glacadh, cibé acu ginearálta nó sonrach a bheadh, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais agus staonadh ó na bearta sin a glacadh a d'fhéadfadh go gcuirfí baint amach cuspóirí an Chonartha a chur i mbaol leo, mar a leanann ó Airteagal 4(3) CAE. Dá bhrí sin, ní mór do chúirteanna náisiúnta, go háirithe, staonadh ó chinntí a dhéanamh atá contrártha le cinneadh ón gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht Státchabhrach leis an margadh inmheánach, a dtagann an measúnú faoi inniúlacht eisiach na hinstitiúide sin, faoi réir athbhreithniú ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2016, *PGE* C-574/14, EU:C:2016:686, míreanna 33 agus 34 agus an cásdlí dá dtagraítear agus an 17 Deireadh Fómhair 2024, *NFS*, C-28/23, EU:C:2024:893, mír 59).

44 Sa chás seo, is léir ón gcomhad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte gurb ionann an sásra dreasachta diúltach atá i gceist sna príomhimeachtaí agus modh oibríochta na scéime cabhrach dá dtagraítear i gCinneadh SA.43756, a deimhníodh, thairis sin, ag an éisteacht. I ndáil leis sin, is léir, go háirithe, ó aithrisí 43, 44, 47, 48, 50 agus 51 de Chinneadh SA.43756 gurb é an sásra dreasachta diúltach atá i gceist sna príomhimeachtaí a chinneann ar deireadh an méid cabhrach a dheonaítear go haonarach d'oibreoirí eacnamaíocha a thairbhíonn den scéim cabhrach atá i gceist de bhua a gclárú sa chlár. Dá bhrí sin, is é an sásra sin a chuir ar chumas an Choimisiúin teacht ar an gconclúid, go díreach i gcás tionscadail a chuirfí isteach i gclár, go gcomhlíonann an scéim cabhrach sin coinníoll na comhréireachta.

45 Dá bhrí sin, i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i mír 41 den bhreithiúnas seo, ní féidir an ghné sin, atá nasctha go doscaoilte le hoibriú na scéime cabhrach lena mbaineann, a mheasúnú ar leithligh ón scéim sin.

46 Ina theannta sin is léir ón gcásdlí nach bhféadfadh an Coimisiún a dhearbhú go bhfuil an státchabhair arb é ábhar Cinneadh SA 43756 ag luí leis an margadh inmheánach, de bhun Airteagal 107(3)(b) CFAE, gan a áirithiú i dtosach báire nár sháraigh an chabhair sin, forálacha ábhartha eile nó prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais (féach, de réir analaí, breithiúnas an 31 Eanáir 2023, *an Coimisiún* v *Braesch agus páirtithe eile*, C-284/21 P, EU:C:2023:58, mír 100).

47 Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, dá gceadófaí do chúirt náisiúnta, i gcomhthéacs chur chun feidhme na scéime cabhrach sin, rialú a thabhairt, i bhfianaise Airteagal 3 de Threoir 2009/28, ar dhlíthiúlacht an tsásra dreasachta dhiúltaigh sin, go bunúsach, an chumhacht a thabhairt don chúirt sin a measúnú féin a chur in ionad an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún i gCinneadh SA.43756 agus a cheadú di, contrártha leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 40 den bhreithiúnas seo, cur isteach ar na hinniúlachtaí eisiacha a fhorchoimeádtar don institiúid sin maidir leis an measúnú ar chomhoiriúnacht na Státchabhrach leis an margadh inmheánach, agus a oibleagáid comhoibriú de mheon macánta le hinstitiúidí an Aontais, dá dtagraítear i mír 43 de, a shárú (féach, de réir analaí, breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2016, *PGE*, C-574/14, EU:C:2016:686, míreanna 36 agus 37).

48 Ní bhaineann sé le hábhar nach luaitear go sainráite i gCinneadh SA.43756 Treoir 2009/28, go háirithe Airteagal 3 di, dá dtagraítear sa cheist a tarchuireadh.

49 Tá an scéim cabhrach atá mar ábhar don chinneadh sin beartaithe go sonrach, mar is léir ó aithrisí 2 go 4 agus 34 de, chun táirgeadh leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh seachas fuinneamh fótavoltach a chur chun cinn san Iodáil agus, mar a luaitear in aithris 31 den chinneadh sin, rinneadh measúnú ar an scéim ar tugadh fógra ina leith, a fhreagraíonn don scéim atá i gceist sna príomhimeachtaí, go háirithe i bhfianaise Threoirlínte 2014-2020. Le pointe 107 de na Treoirlínte, dá dtagraítear in aithris 36 de Chinneadh SA.43756, meabhraítear go bhfuil spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an Aontas Eorpach don athrú aeráide agus d'úsáid inbhuanaithe fuinnimh, go rannchuidíonn roinnt gníomhartha reachtacha de chuid an Aontais cheana féin, amhail Treoir 2009/28, leis na cuspóirí sin a bhaint amach, agus go bhféadfadh Státchabhair, faoi choinníollacha áirithe, a bheith ina hionstraim iomchuí chun rannchuidiú le cuspóirí an Aontais agus na spriocanna náisiúnta gaolmhara a bhaint amach.

50 Dá réir sin, nuair a rinne an Coimisiún measúnú, i gCinneadh SA.43756, ar chomhoiriúnacht na scéime cabhrach sin leis an margadh inmheánach, lena n-áirítear an bealach ina n-oibríonn sí, eadhon an sásra dreasachta diúltach, is gá dó Treoir 2009/38 a chur san áireamh.

51 Ar an dara dul síos, maidir leis an measúnú ar chomhlíonadh an tsásra dreasachta dhiúltaigh le hAirteagal 4 de Threoir 2018/2001, nó fiú le hAirteagal 6 di, a bhfuil an Coimisiún ag brath air go háirithe, ba cheart a thabhairt faoi deara, gur glacadh an Treoir sin i ndiaidh Chinneadh SA.43756, ionas nach féidir a mheas, leis an gcinneadh sin, gur gá don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an sásra sin trína áirithiú nach sáraíonn sé ceann amháin nó eile de na forálacha sin.

52 Ar an gcéad dul síos, áfach, ós rud é gur údaraigh an Coimisiún an scéim cabhrach a bunaíodh le hOrdú an 23 Meitheamh 2016 de bhun an chinnidh sin, tagann sí faoin gcoincheap 'cabhair atá ann cheana' de réir bhrí Airteagal 1(b)(ii) de Rialachán 2015/1589.

53 Faoi Airteagal 108(1) CFAE, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, na córais chabhrach go léir sna Stáit sin a choimeád faoi athbhreithniú i gcónaí. Leis an scrúdú sin, d'fhéadfadh an Coimisiún a mholadh don Bhallstát lena mbaineann na bearta iomchuí is gá chun an margadh inmheánach a fhorbairt nó a fheidhmiú de réir a chéile agus, más gá, cinneadh a dhéanamh cabhair a mheasann sé a bheith ar neamhréir leis an margadh sin a dhíothú nó a leasú (breithiúnas an 18 Iúil 2013, *P*, C-6/12, EU:C:2013:525, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

54 Thairis sin, i gcomhthéacs an athbhreithnithe leanúnaigh ar scéimeanna cabhrach atá ann cheana, ní athraíonn an staid dhlíthiúil go dtí go nglacfaidh an Ballstát lena mbaineann le tograí le haghaidh bearta iomchuí nó go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh críochnaitheach (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Deireadh Fómhair 2001, *an Iodáil* v *an Coimisiún* C-400/99, EU:C:2005:275, mír 61).

55 Dá bhrí sin, tá an measúnú ar chomhoiriúnacht scéime cabhrach atá ann cheana leis an margadh inmheánach fós faoi inniúlacht eisiach an Choimisiúin, ag gníomhú dó faoi réir athbhreithniú ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 40 den bhreithiúnas seo.

56 Thairis sin, sa chás seo, sa Teachtaireacht dar teideal ‘Treoirlínte maidir le Státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh 2022’ (IO 2022 C 80, lch. 1), a tháinig in ionad Threoirlínte 2014-2020 an 18 Feabhra 2022, mhol an Coimisiún do na Ballstáit, mar ‘bhearta iomchuí’ de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE, na scéimeanna cabhrach comhshaoil agus fuinnimh atá acu cheana a leasú, más gá, chun iad a chur i gcomhréir leo faoin 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí.

57 Ní raibh an tréimhse sin imithe in éag fós an 4 Aibreán 2022 ná an 2 Bealtaine 2022, na dátaí ar ar eisíodh na sonraisc is cúis leis an díospóid sna príomhimeachtaí, dá dtagraítear i mír 21 den bhreithiúnas seo.

58 Ar an dara dul síos, d’fhéadfaí tionchar a imirt, le haon leasú ar an sásra dreasachta diúltach atá i gceist sna príomhimeachtaí, mar thoradh ar aon mhéadú ar dhéine na cabhrach a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh air, ar an measúnú ar chomhoiriúnacht na scéime cabhrach maidir leis an margadh inmheánach. Tá an sásra sin nasctha go doscaoilte le feidhmiú na scéime sin agus, in éagmais an tsásra sin, d’fhéadfadh sé go measfadh an Coimisiún nach raibh an scéim cabhrach comhréireach agus, dá bhrí sin, nach ndearbhódh sé go bhfuil sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Dá bhrí sin, is éard atá in leasú den sórt sin, de réir Airteagal 4(1) de Rialachán Uimh. 794/2004, ‘leasú ar chabhair atá ann cheana’ agus, dá bhrí sin, ‘cabhair nua’, de réir bhrí Airteagal 1(c) de Rialachán 2015/1589, atá faoi réir na hoibleagáide fógra a thabhairt a leagtar síos in Airteagal 108(3) CFAE agus a dtagann a mheasúnú ar chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 40 den bhreithiúnas seo, faoi inniúlacht eisiach an Choimisiúin, faoi réir athbhreithniú ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh.

59 Tá feidhm ag an gcinneadh a rinneadh sa mhír roimhe seo freisin maidir leis an gcás nach ndéantar leasú ar an sásra sin *erga omnes*, mar a d’iarr Tiberis sa chás seo, ach ar mhaithe le tairbhí ar leith amháin, amhail Tiberis. Níl feidhm ag an údarú chun scéim Státchabhrach a chur chun feidhme arna dheonú ag an gCoimisiún i gcinneadh gan agóidí a dhéanamh ach amháin a mhéid a chomhlíontar na tosca uile a chuir an institiúid sin san áireamh sa chinneadh sin chun críocha measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na scéime sin leis an margadh inmheánach (féach, mar shampla, breithiúnas an 31 Eanáir 2023, *an Coimisiún* v *Braesch agus páirtithe eile* C-284/21 P, EU:C:2023:58, mír 83). Dá bhrí sin, is féidir scéim cabhrach a chuirtear chun feidhme, ar leibhéal aonair, gan freagairt don scéim cabhrach ar thug an Coimisiún fógra ina leith agus a d’údaraigh an Coimisiún, a mheas freisin mar ‘chabhair nua’ de réir bhrí Airteagal 1(c) de Rialachán 2015/1589 (féach, mar shampla, breithiúnas an 31 Eanáir 2023, *an Coimisiún* v *Braesch agus páirtithe eile*, C-284/21 P, EU:C:2023:58, mír 86).

60 Ní féidir státchabhair a thabhairt trí bheart as a stuaim féin le cinneadh ó chúirt, ach tagann sé faoi dhiscréid nach dtagann faoi dhlínse cúirte (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *DOBELES HES*, C-702/20 agus C-17/21, EU:C:2023:1, mír 76).

61 Thairis sin, is fíor, i míreanna 121 agus 122 de bhreithiúnas an 12 Eanáir 2023, *DOBELES HES* (C-702/20 agus C-17/21, EU:C:2023:1), gur luaigh an Chúirt, i gcás ina dtugtar iarratas ar chabhair neamhdhleathach a íoc os comhair na cúirte náisiúnta, agus nár tugadh fógra don Choimisiún maidir leis an iarratas sin, nach mór, i bprionsabal, go gcuirfeadh an cúram athbhreithniú a dhéanamh ar Státchabhair a bhronntar ar an gcúirt sin le dlí an Aontais, ar an chúirt náisiúnta sin diúltú don iarratas sin, cé go n-admhaíonn sí, mar sin féin, gur de chineál freisin cinneadh ón gcúirt náisiúnta – lena n-ordaítear don chosantóir an chabhair a íoc, ach ar choinníoll go dtugann na húdaráis náisiúnta lena mbaineann fógra don Choimisiún roimh ré agus go dtugann an institiúid sin a toiliú, nó go meastar gur thug sí é – agus is de chineál freisin a leithéid de chinneadh cosc a chur ar chabhair nua a bheith á íoc de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE agus Airteagal 2(1) agus Airteagal 3 de Rialachán 2015/1589.

62 Mar sin féin, ní féidir an cásdlí sin a thrasuí i gcomhthéacs an cháis seo agus, dá bhrí sin, ní féidir leis an gcinneadh a eascraíonn as na tosca a leagtar amach i míreanna 52 go 60 den bhreithiúnas seo a thabhairt faoi cheist. Sa chás seo, ní de chineál a chuirfeadh cosc ar chabhair nua a íoc de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE agus Airteagal 2(1) agus Airteagal 3 de Rialachán 2015/1589 í dlínse na cúirte náisiúnta chun na príomhimeachtaí a éisteacht agus a chinneadh. Mar is léir ó mhír 58 den bhreithiúnas seo, tá aon leasú ar an sásra dreasachta diúltach faoi réir na hoibleagáide fógra a thabhairt a leagtar síos in Airteagal 108(3) CFAE agus tagann an measúnú ar chomhoiriúnacht an leasaithe sin leis an margadh inmheánach faoi inniúlacht eisiach an Choimisiúin, faoi réir athbhreithniú ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh.

63 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go gcuirtear cosc, le dlí an Aontais Eorpaigh, ar an gcúirt a rinne an tarchur a mheas an gcomhlíonann an sásra dreasachta diúltach atá i gceist sna príomhimeachtaí forálacha Airteagal 3 de Threoir 2009/28 nó Airteagal 4 de Threoir 2018/2001, ós rud é go bhfuil dlúthbhaint idir an sásra sin agus feidhmiú na scéime Státchabhrach a dhearbhaigh an Coimisiún a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach le Cinneadh SA.43756.

64 Dá bhrí sin, níl léiriú Airteagal 3 de Threoir 2009/28 nó Airteagal 4 de Threoir 2018/2001 ábhartha maidir le réiteach na díospóide sna príomhimeachtaí.

65 Fágann sé sin go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha.

## Costais

66 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

**Tá an iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil) a rinneadh le cinneadh an 8 Lúnasa 2023, do-ghlactha.**

Sínithe

[i] Rinneadh leasuithe teanga (agus formáidithe) ar mhír 41 tar éis dóibh a bheith foilsithe ar líne den chéad uair.